

SGÉUL LEADAÍ NA LUAITHE.

Bhí sean bhean fadó ann agus fadó bhí dhá mbeinn-se an uair sin ann ní bheinn anois ann. Dhá mbeadh beadh sgéul úr nú sean sgéul agam. Chumfainn féin sgéul nú bheinn gan aon sgéul. Ach mar tá sé a'm sa anocht ná raibh sé agaibh –se san oidhche a máireach agus má bhíonn ná raibh dhá gcailleadh leis ach na cúil fhiacra mar cháill mé féin na clár fhiacra

Bhí bean bhocht ann agus ní raibh aon chlann aice ach aon mhac amháin. Bhí sé sínte sa luath chois na teine gan blas maitheasa a dheanamh go raibh sé bliadhain is fiche. “Eirigh suas as sin a leadaí” arsa an mhathair. “Tá tú bliadhain is fiche d’aois anois agus ní dhearnaigh tú blas maitheasa ariamh. Tá an teach gan deasúghadh agus tá an teine dhul as dioghbalh broсна. “D’eirigh sé suas. Chuaidh sé amach bhain sé searra as féin, craith sé é féin agus chuir sé an luaithe bhí ina cheirteachaibh seacht nacra roimhe, seacht nachra, na dhiadh seacht nacra chaon thaobh dhe nú gur líon sé an áit thart timcheall air le luaithe.

Fuair sé téad, chuaidh sé amach sa bpáirc thosuigh sé tarringt coinneach gur líon sé an rópa agus thug sé leis den ualach sin an oiread agus rinne deasúghadh dhon teach go ceann bliadhain is fiche. Fuair sé tead mór láidir eile chuaidh sé ina coille chuir sé timcheall ar na crainnte é agus thug sé abhaile den ualach sin an méid broсна agus rinne í go ceann bliadhain is fiche.

“Gléad líon anois dom a mháthair” ar seisean go ngabhfaidh tuairisg m’fhortún”. Ghléas agus nuair bhí sé ag imteacht dfiarruigh sí de “cé’s fearr leat an chuid bheag dhen chaca agus mo bheannacht ná an chuid mhór agus mo mhallacht.” “Is fearr liom an chuid bheag agus do bheannacht” ar seisean, agus bhí a gubhail dhe bheannachtaí air gur fhága sé a hamharc.

Thug sé leis a chamán agus a liathróis agus bhí sé ag dhá bualadh roimhe, go dtáinig sé chomh fada le teach ceardthan. Chuaidh sé isteach agus dubhairt leis an gabha claimhe dheanamh dhó. Rinne agus d’imigh sé leis. An chéud rud a casadh dhó a ndearnaidh sé iongantas a’ bith dhe ba bualtrach bó é a raibh chúig chéud mialtróg dhá ithe. Tharraing sé a chlamhe agus mharbhuigh sé an chúig céud mialtóg le aon bhuille. “Is maith a tosúghadh é sin” ar seisean.

D’ionntuigh sé ar ais chuaidh sé chomh fada leis a gceardta. Dubhairt sé leis an ngabha faobhar a chuir ar a chlamhe agus a sgriob air. “Seo an claimhe a mharbhuigh le aon bhuille. “Dfaga sé slán ag a ngabha agus d’imigh leis. Casadh fear do. Dfiarruigh sé dhe cá raibh sé dhul. “Tá mé ar thuairisg maighistir” adeir sé. “Is maith mar tharla” adeir an fear “maighistir mise tá ag iarraidh buachaill.” Rinne sé aimsir leis. Thug sé abhaile é thug sé bidh agus deoch dó agus chuaidh sé a chodladh.

Ba Rí abhí sa bhfear seo agus sé’n obair abhí aige le naghaidh a buacailleacht beithidhigh. D’eirigh sé go moch lár na bháireach. D’ith sé a bhriceasta agus leig sé amach na beithidhigh. “Fainic” arsa an Rí “a leigfheá thar tórainn iad seo. Tá triúr fathach ar an taobh

eile dhen tórhainn agus má fgágann siad greim orrthab coinneócaidh siad iad an áit an treaspás agus tá me sgriosta acab mar gheall ar bhuachaillí fánach.”

Thiomáin sé leis na beithidhigh gur thiomáin sé suas chomh fada leis an tórainn iad. Ba talamh lom gan féar abhí ann. Nuair abhí an oidhche teanamh leis thug sé abhaile iad. “Tabhair dhom mo shuipéar” ar seisean leis an Rí” go dteigh mé chodladh.” Fuair agus d’eirigh sé go moch lá; na bháireach. Thiomáin sé leis na beithidhigh thug sé san áit chéudna iad. Bhreannthaigh sé isteach thar chlaide na bhfathach chonnaic sé féar breagh ann. “Is mór a feall ar seisean na brithidhigh seo a bheith na dtrosgadh anseo agus an féar breagh atá ansoin.”

Sgaoil sé isteach iad agus biodar ag ithe go raibhadar sáthac. Bhí sé gá dtiomáint amach nuair a tháinig fathach mór grána chomh fada leis. “Fú fá fiasog” ar seiseann “fágaim balath an Éareanach bréagach bradach is mór liom dhe ghreim é agus is beag liom dhe dhá ghreim é níl fhios agam céurd a dheanfhas mé leis, mar gcuirfidh mé dhe shéadóóg san aer é.” “Go mo géar mara fáisg ort a fhathaigh bheag suarach mharbhuigh mise chúig chéud cheanna le aon bhuille agus ní gaisge bith liom an láimh an uachtar fhágailt ort-sa.” “Cé’s fearr leat” arsa an fathach “a carruigheacht ar leacreacha dearga, na dhul dhe sgeana glasa géara i measnachaibh a chéile.” “Is fearr liom a carruigheacht ar leacreacha dearga” arsa an leadaí “an áit a mbeidh do chosa móra grána adhul an iochtar agus mo chosa míne beaga a dhul an uachtar.

Rugadar ar a chéile bhíodar a carruigheacht go ndearnaidh siad bogán den den cruadhán agus cruadhán dhe’n bhogan, gur tairingeadar toibreacha fíor uisge trí lár na gclocha glasa, go bhfaca an leadaí go raibh deamhain agus deire an lae a teanamh leis agus go mbeadh imnidhe ag an maighistir dó. Thug sé fáisge saorach santach faoi chuir sé go dtí a rúitíní sa talamh é an darana fáisge go ceangail a ghabhail agus an triomhadh fáisge go dtí na ghuailibh “Fóil Fóil arsa an fathach. “An gaisgidheach is fearr dhá bhfaca mé ariamh. Tiubhrfaidh mé mo claimhe soluis duit a dheanfhas solus i ndorchadas ,m’each caol dubh agus mo chulaith ghaisge.”

Feuchfadh mé miotal soluis ar seisean ach cá ngrobhfadh mé é.” “Tá sé ansoin shuas sa gcaisleán.” Cuirfidh mise thusa faoi gheasa droma draoidheachta gan corrughadh as sin go dtiocfadh mise ar m’ais.” Chuaidh sé ina chaisleáin. Cheangail sé an t-each, thug sé leis an claimhe agus an chulaith ghaisge. “Cé bhfeuchaidh mé miorul do claimhe claimhe soluis” arsa an leadaí. “Fluch ar an gcrann is gráine sa gcoill é” arsa an fathach. “Mo chrádh croidhe agam arsa an leadaí “má fheicim crann ná cruoán a bith ann níos gráine na do cheann féin.” Dhá bhualadh i gconghar an cheann agus an mhuinél bhain sé an ceann dhe dhen bhuille sin. Deirigh sé seacht nacra suas san aer le neart nimhe a teacht anuas dhó shíl sé a dhul ar a gcolainn cheudhna. Chuir sé suas aríst é agus aríst agus aríst eile. “Níor mhór dhuir arsa an ceann” dhá ngabhfhainn ar an gcolainn cheudhna leath na bFhiann agus Sluagh le Donainn ní chuirfheadh annuas mé. “Bhí fhios a’m sin” arsa an leadaí. Thionáin sé abhaile a chuid beithidhigh agus ní raibh cur síos leis an méid bainne ach an oidhche seo.

“Fainic” arsa an Rí “ar leig tú na beithidhigh isteach i bhféar an bhfathach.” “Fág dom mo shuipéar” arsa an leadaí “tá mé tuirseach de bharr an lae.” S’eirigh sé go moch ar maidin.

Dubhairt sé a thráith agus d'ith sé a bhriocfeasta agus thiomáin sé amach a chuid beithidheach. "Níl aon lá ó tháinig cuimne dhom" arsa an Rí nach gcloinnfhinn trí fheadh uaidh na fathaigh chaon tráthnona agus níor chuala mé aréir ach dhá fhead. Tá éalann eicint orrthab."

Thiomáin an leadaí leis a chuid beithideach nú gur chuir sé isteach i bpairc na bhfathach iad. Sgarr abhí sé ann nuair a chonnaic sé an fathach níos mó agus níos gráinne ná an chéud fhear. Tháinig sé i láthair agus dubhairt sé "Fú Fá fiasóg" Bhí an chainnt cheudhna agus an troid cheudhna eattora agus bhí aige leis a gcéud fhear nó gur chuir sé go na mhuineál sa talamh é. "Fóil Fóil" ar seisean. Tiubrfhaish mé m'each caol dubh dhuit mo chlainmhe soluis agus mo chulaith ghaisge.

Cáil do chlainmhe soluis" ar seisean. Tá siad sé shuas sa gcaisleán. "Cuirim-se faoi gheasa agus faoi mhór diomú na bliana tusa gan corrughadh as an áit seo go dtiocfhaidh mise ar m'ais." D'ímtigh sé leis ar thuairisg an chlainmhe soluis thug sé leis é fhéin agus an chulaith ghaisge. "Cé bhfeuchfaidh mé miotal do claimhe soluis" arsa an leadaí. Fliuch ar an gcrann is gráine sa gcoill é." Arsa an fathach. "Mo Chrádh agam má feicim ceann a bith ann is gráinne ná do cheann mór fhéin. Dhá bhualadh i gcongan an cheann agus an mhuineáil nó gur bhain sé an ceann dhe gan truisle gan tabhairlint. Chuir sé seacht niomaire agus seacht nacra suas sa spéir é. A teacht annuas dó rug sé ina dheas láimh air agus bhuaile sé i gclár na nucht air é. "Níor mhór dhuit" arsa an ceann "dá ngabhfaínn-se ar an gcolainn chéudna leath na bfiann agus Shluagh le Donainn ní bhainfheadh annuas mé." "Ní le do ligint ar a gcolainn cheudhna a bhain mise annuas thú".

Thiomáin sé leis a chuid beithidhigh abhaile. Ní raibh cuimce ach an méid bainne abhí aca an oidhche seo. "Fainic" arsa an Rí "ar chuir tú i bpairc na bhfathach iad." "Fágh dhom mo shuípéar agus leig a chodladh mé tá mé tuirseach tar éis an lae. Níor chuala mé anocht uaidh na ach aon fhead amháin" arsa an Rí "agus chloisfeá an fhead sin sa domhan shoir." "Ní iad atá a cur imnidhe orm" arsa an leadaí. D'éirigh sé go moch lár na bháirach.

Chuaigh sé fосуigheacht leis na ba. Chuir sé isteach i bpairc na bhfathach iad. Ba gearr abhí sé ann nuair a tháinig fathach mór bhí faoi dhó níos mó agus níos gráinne ná an chuid eile. "Fú Fá fiasóg" ar seisean. "Céird a thug tusa anseo a Éireannach bhréagach bhradach." "Ní le cóir ná le ceart a thabhairt duit –se a tháinig mé ach le cóir agus ceart a bhaint dhíot. Mharbhuigh mise fathach anseo arú- indé, mharbhuigh mé fathach eile indé, agus ní gaisge a bith liom an láimh an uachtar fhághailt art-sa mar mharbhuigh mé chúig céud cheana le aon bhuille.

Bhí an troid cheudhna aige leis agus bhí aige leis an mbeirt eile nó gur chuir sé go dtí a mhuineál sa talamh é. "Fóil Fóil" arsa an fathach "tiubrfhaidh mé mo claimhe soluis dhuit mo each caol dubh agus mo chulaith ghaisge agus leig as seo mé. "Cáil siad" "tá siad sa gcaisleán." "Cuirim faoi gheasa droma draoidheachta tú gan corrughadh as an áit seo go dtiocfhaidh mise ar m'ais.

D'ímtigh sé ar thuairisg an chlainmhe. Thug sé leis an claimhe agus chulaith ghaisge. "Cé bhfeuchfaidh mé miotal do claimhe soluis." "Fluch ar a gcrann is mó agus is gráine 'sa gcoill é." "Mo chrádh agam má fheicim crann a' bith ann is mó na is gráinne ná do cheann fhéin.

“Dhá bhualadh i gcongar an mhuiníl dá chur seacht bpéarse agus seacht nacra saus sa spéir. Nuair a shíl sé theacht anuas rug sé lena dheas láimh air bhual sé i gclár an ucht é “nóir mhór dhuit arsa an ceann leath na bhfiann agus sluagh le Donainn ní bhainfheadh annuas mé.” “Ní raibh faic a chur iminidhe orm-sa” adeir an leadaí ach aire a thabhairt dhí sin.”

Thiomáin sé abhaile a chuid beithidhigh agus maidir le bainne bhí sé acab. “Tá éalann eicintsa gcaisleán arsa an Rí nior chuala mé fead a bith anocht.” “Nach mór an timinidhe atá siad a dheanamh dhuit arsa an leadaí “fág dhom mo shuipéar go dteigh mé a luighe.” Sgathamh gearr ina dhiadh sin chonnaic séan brón ar a Rí. Dfiarruigh sé dhe cé’n fág a bhrón. “Ó tá ” arsa an Rí. Iolpheíst le theacht as an bhfarraige agus caithfidh mé m’ingean a thabhairt dhi le slugadh a máireach.”

D’éirigh an leadaí go moch chuir sé a chuid beithidheach isteach i dtalamh na bhfathach . Chuaidh sé go dtí an caisleán. D’éirigh cut mór suas aige a raibh trí troigthe ar fad ina chuid fionach. D’éirigh cailleadh ina dhiadhraibh míle ar fad ina cuid fiacla agus míle ar fad i nionga a cuid méara. Thosuigh siad a stróiceadh an leadaí agus thosuigh siad a strócadh an leadaí agus thosuigh seisean dhá mbualadh nó gur mharbhuigh sé iad.

Ghléas sé air a chulaith ghaisge. Thug sé leis a claimhe agus chuaidh sé a marcuigheacht ar an each caol dubh. Bhí ingean a Rí a suidhe i gcathaoir i naice na farraige. Tháinig an leadaí agus dubhairt sé “nuair fheiceas tú an fharrige a coipeadh duisigh mise.” Chuaidh sé-chodhladh. Nuair a chonnaic sí an fharrige a coipeadh ghloiddh sí air agus níor thug sé aon fhreagra uirthi. Chraith sí é agus níor chorrugh sé. Thug sé leac di sul dhá ndeachaidh sé a chodhladh agus dubhairt sé léithi trí bhuille dhe a bhualadh ar ucht.

Rinne sí sin agus dhúsigh sé. Bhí an iolpheíst a teacht suas ar an talamh an tam seo. Bhí siad le chéile go raibh néalta dubh na hoidhche a teacht agus chuaidh sí amach sa bhfarrige. Chuaidh seisean abhaile dfág sé an culaith ghaisge sa gcaisleán agus thiomáin sé abhaile a chuid beithidheach. Bhí áthas mór ar a Rí nuair a tháinig sé abhaile agus dubhairt sé leis go dtáinig gaisgidheach a chuir amach sa bhfarrige an iolpheíst. “Ní hé do chainnt atá a cur imnidhe orm ar seisean fagh mo shuipéar dhom go dteigh mé a chodladh.”

Rinne sé an cleas céudna an dárna lá (bhain sí dlaoi gruaige as a cheann chaon lá nuair abhí sé ina chodhladh.) An triomhadh lá nuair a tháinig sé ghearr sé tórainn trí slata ó’n bhfarrige le na claimhe. Shuidh sé síos le le ais ingean a Rí agus thuit sé ina chodladh agus dubhairt sé léithe é dhuiseacht nuair dfeicfheadh sé an fharrige ag eirigh ghlaoidh sí air agus níor eirigh sé. Bhual sí trí bhuille den slinn ar ucht. D’éirigh sé de léim agus níor fhéud an iolpheíst a teacht treasna an thórainn a ghearr sé go ndeachaidh sé chomh fada léithe. Mharbhuigh sé í agus bhain sé an teanga aiste agus bhí an teanga chomh mórle mart. Bhain sí dlaoi eile gruaige as a cheann an la seo. Chuaidh sé ina chaisleáin an áit ar fhág sé a each a chlaime agus chulaith ghaisge. Thiomáin sé abhaile a chuid beithidheoch.

Nuair a tháinig sé abhaile bhí spóirt agus aoibhneas mór i gcaisleán an Rí agus dubhairt an Rí leis gur mharbhuigh an gaisgidheach an iolpheíst. Bhí feasta acab a mhair seacht noidhche agus seacht lá. Bhí Rí an Domhain Thoir agus an Domhain Shiar ann agus beag uaisle agus mór uaisle na tíre. Dubhairt an Rí go dtiubhrfadh sé ingean le pósa do fhear a bith a thiubhrfadh teanga an iolpheíst aige. Chuile dhuine acab a teacht agus teanga mart

aige. Bhreathnuigh an ingean ar cheann chuile dhuine acab agus ní raibh aon glacadh aice le ceartar acab go dtáinig an leadaí ina chaisleáin agus chuir sé ar a chulaith ghaisge. Thug sé leis a claimhe agus chuaidh sé a marcuigheacht ar each caol dubh.

Nuair chonnaic ingean a' Rí a teacht é "sin é an fear a shábháil mise agus sin é an fear a bheas a'm," ar sise. Phósadar agus chuir sé fios ar a mháthair. Bhí chuile dhuine acab a deanamh a bhealach féin abhaile. Chuaidh siad san na clocha agus chuaidh mise an áth. Báthadh iad san agus tháinig mise. Cuirigí beannacht Dé le hanam fear innseacht a sgéuil.

Seán Mac Con Fhaola.